



An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre – Treoirínte maidir le Mionnaí agus Dearbhaisc – Iúil 2021

1 Cúlra:

- 1.1 Sa chás *Zalewski in aghaidh an Oifigigh Bhreithnithe agus Daoine Eile (Zalewski v. Adjudication Officer & Ors)*,¹ dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach d'aon ghuth nár tháinig an easpa forála d'Oifigeach Breithnithe mionn nó dearbhaisc a riar agus an easpa féidearthachta pionós a ghearradh i ngeall ar fhianaise bhréagach a thabhairt, le Bunreacht na hÉireann. Tugadh an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021² isteach ina dhiaidh sin chun dul i ngleic leis na heasnaimh seo. Sa mhullach ar an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 agus an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, leagtar amach san Acht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021 ceistanna éagsúla a bhaineann le tabhairt faoi Bhreithnithe roimh an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá na treoirínte seo in ainm is cur leis an reachtaíocht thuasluaite agus ní chuirtear iad ina hionad. I gcás coimhlinte, tabharfar forlámhas don reachtaíocht, seachas do na treoirínte seo.
- 1.2 Ní bhaineann na treoirínte seo ach le Breithnithe ina mbíonn riar an chirt i gceist agus ní bhaineann siad le díospóidí a chuirtear faoi bhráid an CCÁO faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1969.

2 Sainmhíniú:

- 2.1 Tá na bríonna seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas sna treoirínte seo:

Ciallaíonn **“Breithniú”** gearán a atreoraítear le haghaidh éisteachta roimh an CCÁO de bhun alt 41 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 nó de bhun achtacháin ghaolmhara.

¹ [2021] IESC 24.

² Lena leasaítear, *i measc rudaí eile*, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015; an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967; an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977; an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984; an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998; agus an tAcht um Stádas Comhionann, 2000.

Ciallaíonn **“Oifigeach Breithnithe”** duine a cheaptar faoi alt 40 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015.

Ciallaíonn **“Finné”** duine a thugann fianaise, trí mhíonn nó trí dhearbhasc san áireamh, roimh an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

Ciallaíonn **“an CCÁO”** an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

3 Eolas d’Fhinnéithe:

- 3.1 Tá an t-eolas seo a leanas ceaptha cabhrú le Finnéithe an méid ar cheart dóibh síúl a bheith leis a bheith ar eolas acu agus aon socruithe riachtanacha a dhéanamh roimh éisteacht:
- (a) Ba cheart go dtiocfadh finnéithe i láthair, nó go logálfaidís isteach, luath go leor don éisteacht sceidealaithe;
 - (b) nuair a thagann siad i láthair d’éisteacht fhisiciúil, ba cheart dóibh fáiltiú a chur ar an eolas go bhfuil siad i láthair, agus níor cheart dóibh labhairt le Finnéithe eile faoin gcás roimh an éisteacht ná i rith na héisteachta;
 - (c) i gcás éisteacht chianda, ba cheart dóibh iad féin a chur in aithne don Oifigeach Breithnithe, agus níor cheart dóibh labhairt le Finnéithe eile faoin gcás roimh an éisteacht ná i rith na héisteachta;
 - (d) ba cheart dóibh an CCÁO a chur ar an eolas roimh ré má theastaíonn ateangaire uathu;
 - (e) b’fhéidir go mbeidh orthu mionn a thabhairt nó dearbhasc a dhéanamh agus ba cheart dóibh an CCÁO a chur ar an eolas más mian leo a leabhar naofa féin a úsáid, nó leabhar naofa a úsáid nach an Sean-Tiomna, an Tiomna Nua ná an Córán é;
 - (f) nuair a chuirtear an éisteacht ar síúl go cianda, ba cheart go mbeadh a leabhar naofa féin réidh ag an bhFinné san áit óna bhfuil diailiú isteach á dhéanamh acu, nó mar rogha air sin, is féidir leo tagairt a dhéanamh do ríomhleabhar cuí;
 - (g) ba cheart dóibh an CCÁO a chur ar an eolas ar aon riachtanais speisialta eile nó ar aon riachtanais a d’fhéadfadh bheith acu a bhaineann le freastal ar mar Fhinné; agus
 - (h) tá aon riachtanais maidir le léirmhíniú, an mionn, nó riachtanais speisialta le cur in iúl don CCÁO 10 lá oibre roimh dháta an Bhreithnithe.

4 Sula gCuirfear Tús le Scrúdú Finné:

- 4.1 Sula gcuirfear tús le scrúdú Finné, is féidir leis an Oifigeach Breithnithe na rudaí seo a leanas a dhéanamh:
- (a) Iad féin a chur in aithne agus a mhíniú don Fhinné conas a leanfar ar aghaidh lena scrúdú;
 - (b) a mhíniú don Fhinné nach mór dóibh mionn a thabhairt nó dearbhasc a dhéanamh os comhair na bpáirtithe sula gcuireann siad fianaise ar fáil (féach sonraí breise thíos);
 - (c) a chinntiú go dtuigeann an Finné, má bhíonn aon fhadhbanna acu labhairt i mBéarla nó cumarsáid a dhéanamh tríd an ateangaire a sholáthraítear, gur cheart dóibh an tOifigeach Breithnithe a chur ar an eolas;
 - (d) an Finné a chur ar an eolas gur féidir leo am a ghlacadh le ceistanna a fhreagairt, agus gur gá dóibh an tOifigeach Breithnithe a chur ar an eolas mura dtuigeann siad aon cheist;
 - (e) a mhíniú don Fhinné gur féidir leo sosanna a ghlacadh, agus má theastaíonn sos uathu, ar chúis ar bith, is gá dóibh an tOifigeach Breithnithe a chur ar an eolas; agus
 - (f) a mheabhrú d’Fhinnéithe, nuair a ghlactar sos fad a bhíonn croscheistiú á dhéanamh orthu, nach gceadaítear dóibh a bhfianaise a phlé lena n-ionadaí nó le duine ar bith eile sula n-ationólfar an éisteacht.

5 Ateangairí:

- 5.1 Más gá, ba cheart ateangaire a sholáthar d’Fhinné ar féidir leis/léi a chinntiú go ndéantar cumarsáid chuí idir an Finné, an tOifigeach Breithnithe agus aon rannpháirtí eile ag an mBreithniú.
- 5.2 Má thagann buarthaí aníos maidir le héifeachtacht agus oiriúnacht an ateangaire, cuirfidh an tOifigeach Breithnithe stop leis an mBreithniú chun an cheist a shoiléiriú agus, más gá, cuirfidh siad an Breithniú ar athlá go dtí dáta níos déanaí.
- 5.3 Nuair a chloiseann an tOifigeach Breithnithe fianaise faoi mhionn nó trí dhearbhasc trí ateangaire, ba cheart an t-ateangaire a ordú mionn an ateangaire a thabhairt nó dearbhasc ateangaire a dhéanamh. Leagtar amach na foirmeacha cuí de mhionn agus de dhearbhasc san aguisín leis na treoirlínte seo. Féach an mhír seo a leanas chun teacht ar eolas breise faoi mhionnaí agus faoi dhearbhasc.

6 Mionn / Dearbhasc:

- 6.1 Is féidir leis an Oifigeach Breithnithe fianaise a ghlacadh faoi mhionn nó faoi dhearbhasc.³
- 6.2 Níl ar leanaí faoi 14 bliana d’aois agus ar dhaoine atá “faoi mhíchumas meabhrach” atá níos sine ná 14 bliana d’aois mion a thabhairt ná dearbhasc a dhéanamh.⁴
-
- 6.3 Bíonn mionn nó dearbhasc bailí a fhad agus go dtuigeann an Finné sollúntacht na hócáide agus an oibleagáid bhreise mhorálta atá orthu an fhírinne a insint, a thagann aníos sa chás.
- 6.4 Ba cheart go míneodh an tOifigeach Breithnithe don Fhinné go mbaineann tábhacht reiligiúnach le mionn agus nach mbaineann an tábhacht sin le dearbhasc, agus go ndéanfar fianaise an Fhinné a bhreithniú ar an mbealach céanna cibé acu má thugtar an fhianaise faoi mhionn nó trí dhearbhasc.
- 6.5 Is féidir dearbhasc a riar nuair a chuireann an Finné in aghaidh mionn a thabhairt, cibé acu mar gheall nach bhfuil aon chreideamh reiligiúnach acu nó mar gheall nach dtagann sé lena gcreideamh reiligiúnach.⁵
- 6.6 Ba cheart go míneodh an tOifigeach Breithnithe don Fhinné go ngeallann an Finné, trí mhionn a thabhairt nó dearbhasc a dhéanamh, an fhírinne a insint, agus gur cion coiriúil é fianaise bhréagach a thabhairt i ndiaidh an gealltanais sin a thabhairt ar féidir príosúnacht agus/nó fineáil a ghearradh air/uirthi mar phionós.
- 6.7 Ba cheart go míneodh an tOifigeach Breithnithe don Fhinné, má ghlacann siad sos nó má chuirtear an Breithniú ar athláfad a bhíonn fianaise á tabhairt acu, go leanann siad de bheith faoi mhionn nó faoi dhearbhasc, nuair is infheidhme. Má d’éag méid suntasach ama, áfach, is féidir an mionn nó dearbhasc a riar arís.
- 6.8 Chun críocha go dtugann an Finné mionn nó go ndéanann sé/sí dearbhasc, ba cheart don Oifigeach Breithnithe an fhocláocht a sholáthar don Fhinné cibé acu trí na frásaí a léamh amach nach mór dóibh a rá nó trí chárta a sholáthar ar a bhfuil an mionn nó an

³ An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre (Forálacha Ilghnéitheacha), 2021 lena leasaítear an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015, alt 41.12A; an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977, alt 8(14); an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, alt 9(4A); an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, alt 79(8); agus an tAcht um Stádas Comhionann, 2000, alt 25(2B); an tAcht Pinsean, 1990; agus an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, alt 39(17).

⁴ Acht na Leanáí, 1997, alt 28(1) agus alt 28(3) - baineann seo le himeachtaí sibhialta ina mbíonn riar an chirt i gceist, go ginearálta. Chun críocha Acht na Leanáí, 1997, déantar plé níos mionsonraithe ar “míchumas meabhrach” ag alt 20 mar “míchumas meabhrach atá chomh tromchúiseach sin nach féidir go réasúnta leis

⁵ Oaths Act, 1888., alt 1.

dearbhasc cuí, ar cheart don Fhinné a léamh. Leagtar amach na foirmeacha cuí de mhionn agus de dhearbhasc san aguisín leis na treoirlínte seo.

- 6.9 Ba cheart don Fhinné a leabhar naofa féin a thabhairt leo chuig an mBreithniú. Is féidir cóipeanna den Sean-Tiomna, den Tiomna Nua agus den Chóráin a chur ar fáil ag an mBreithniú. Ba cheart leabhair naofa áirithe, ar nós an Chóráin, a choimeád i a mála/i mbosca ag gach tráth agus ba cheart dóibh a clúdaithe ag gach tráth, seachas nuair a bhíonn siad láimhseáil ag an bhFinné.
- 6.10 Nuair a chuirtear an Breithniú ar siúl go cianda, ba cheart go mbeadh a leabhar naofa féin réidh ag an bhFinné san áit óna bhfuil diailiú isteach á dhéanamh acu, nó mar rogha air sin, is féidir leo tagairt a dhéanamh do ríomhleabhar cuí.⁶

an duine maireachtáil go neamhspleách". (Aistriúchán Neamhoifigiúil) Ba cheart aird a thabhairt freisin ar an Acht um Stádas Comhionann, 2000, ar Choinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus ar fhorbairtí a tháinig ar an reachtaíocht um chumas meabhrach fad a chuirtear tús leis na codanna eile den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.

7 Finné a Scrúdú:

- 7.1 Is féidir le finnétithe fianaise a thabhairt agus is féidir iad a chroscheistiú.
- 7.2 Is féidir leis an Oifigeach Breithnithe scrúdú Finné a chiorrú a measann siad atá athráiteach nó neamhábhartha agus is féidir leo croscheistiú a chiorrú a cheapann siad atá leatromach.
- 7.3 Is féidir leis an Oifigeach Breithnithe ceisteanna a chur ar Fhinné ar mhaithe le haon chuid neamhiomlán nó dhoiléir dá bhfianaise a shoiléiriú.

⁶ Alt 31(1) den Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020

Aguisín - Leaganacha Mionnaí agus Dearbhaisc

Finné - Mionnaí:

An Mionn Críostaí – Tabhair Mionn ar an Tiomna Nua:

Finné: Mionnaím, (ainm an fhinné), do Dhia Uilechumhachtach gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

An Mionn Giúdach – Tabhair Mionn ar an Sean-Tiomna:

Finné: Mionnaím, (ainm an fhinné), do Dhia Uilechumhachtach gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

An Mionn Ioslamach – Tabhair Mionn ar an gCórán (atá clúdaithe ag éadach):

Finné: Mionnaím, (ainm an fhinné), do Allah gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

Mionn Eile – Tabhair Mionn ar leabhar naofa:

Finné: Mionnaím, (ainm an fhinné), do (ainm an Dia) gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

Finné - Dearbhasc:

Finné: Dearbhaím agus dearbhascaim, (ainm an fhinné), go sollúnta, go diongbháilte agus go fírinneach gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

Ateangaire - Mionn:

Mionnaím, (ainm), do Dhia Uilechumhachtach (nó ainm Dia eile, más infheidhme) go ndéanfaidh mé ateangaireacht mhaith agus fhírinneach don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar gach ceist agus ar gach rud ar a mbeidh orm ateangaireacht a dhéanamh a fheabhas agus is féidir liom agus a fheabhas agus a thuigim.

Ateangaire - Dearbhasc:

Dearbhaím, (ainm), go sollúnta go ndéanfaidh mé ateangaireacht mhaith agus fhírinneach don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar gach ceist agus ar gach rud ar a mbeidh orm ateangaireacht a dhéanamh a fheabhas agus is féidir liom agus a fheabhas agus a thuigim.

An tAthr :

Mionnaím do Dhia Uilechumhachtach gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Bhinse sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.⁷

⁷ Translation: I swear by Almighty God that my evidence to the Tribunal in this case shall be the truth, the whole truth and nothing but the truth.